BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

# POLASAÍ GAEILGE

## 1. Ráiteas Beartais

### 1.1 Oidhreacht na Gaeilge ag CMgS

Leagtar amach i bPolasaí Gaeilge CMgS na prionsabail atá lárnach d'oidhreacht fhadtéarmach an Choláiste mar atá cuimsithe sa Ráiteas Misin institiúideach ina bhfuil an dearbhú seo a leanas:

"*Cuireann an Coláiste féinaithne chun cinn a bhfuil traidisiún Caitliceach an Choláiste mar chuid shaibhir di, chomh maith le cultúr, teangacha agus traidisiúin na hÉireann agus* ***tiomantas speisialta an Choláiste don Ghaeilge****."*[1]

Maireann an tiomantas ar leith don Ghaeilge, agus a bhunús sa Choláiste ag teacht le cuimsiú na Gaeilge mar ábhar acadúil sa churaclam náisiúnta oideachais ag tús an fichiú haois agus ina dhiaidh sin, le bunú *an Roinn Oideachais* (agus ceapachán comhfhreagrach Aireachta) tar éis dhúnadh an Bhoird Náisiúnta Oideachais, áit ar léiríodh an bhéim nua ar an nGaeilge agus ar an gcultúr a bheith fréamhaithe laistigh *den Roinn* sa Choláiste féin, áit a raibh gach ábhar curaclaim á mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

### 1.2 Bunús Reachtaíochta

Níos déanaí, leag Acht na nOllscoileanna, 1997, cuspóirí ollscoile amach faoi Chuid III, Alt 12, a shonraíonn, *inter alia*, go n-áireofar orthu sin *"teangacha oifigiúla an Stáit a chur chun cinn, ag féachaint go speisialta do chaomhnú, do [chur chun cinn] agus d'úsáid na Gaeilge agus do chur chun cinn sainchultúir na hÉireann*."[2]

Mar Chomhlacht Poiblí aitheanta, tá CMgS faoi réir Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, a thugann stádas speisialta don Ghaeilge mar chéad teanga an stáit. Tá dualgas reachtúil ar an gColáiste cloí le forálacha na nAchtanna agus na Rialachán maidir leis an nGaeilge atá déanta ag an Aire ábhartha faoi Alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ina theannta sin, tugann an corpas reachtaíochta spreagadh ó thaobh an chúraim atá ar an gColáiste a fhreagrachtaí reachtúla a chomhcheangal lena ról mar eiseamláir den cheannaireacht i soláthar an oideachais.

Dá réir sin, ar chúiseanna a bhaineann le hoidhreacht an Choláiste, a chuspóir mar institiúid ardoideachais ar leibhéal ollscoile, agus a stádas mar Chomhlacht Poiblí a bhfuil freagrachtaí reachtúla air, tá áit speisialta ag an nGaeilge i gCMgS ag leibhéal an rialachais agus i dtéarmaí thiomantas an Choláiste don phobal, agus ag leibhéal an teagaisc, na foghlama agus an taighde ina theannta sin.

Faoin bPolasaí seo, a eascraíonn ó na foinsí sin, comhlíonfaidh an Coláiste a dhualgais reachtúla agus, ina theannta sin, beidh sé réamhghníomhach ina thacaíocht d'úsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide ginearálta laistigh den institiúid chomh maith le mar mheán chun seirbhís a sheachadadh, seirbhís a bheidh ní hamháin faoi threoir ionstraimí reachtúla ábhartha ach faoi réir phrionsabal an dearbhaithe cáilíochta leanúnaigh mar mhodh chun misean an Choláiste a chomhlíonadh ar an gcaighdeán is airde is féidir.

---

[1] Béim curtha leis.

[2] Níl gCMgS áirithe i sceideal na n-ollscoileanna atá leagtha amach faoi Acht na nOllscoileanna. Mar sin féin, breathnaítear ar an gColáiste mar institiúid ardoideachais ar leibhéal ollscoile agus glacann sé forálacha *Acht na nOllscoileanna* i bhfoirmiú a ionstraimí rialaithe agus a chultúr rialachais, ag comhlíonadh l*Cód Rialachais d'Ollscoileanna Éireannacha*, 2019 san áireamh.

### 1.3 Prionsabail an Chomhionannais, na hÉagsúlachta, an Chuimsithe agus an Idirchultúrachais

Ina theannta sin, mar chuid dá thiomantas do shármhaitheas na Gaeilge, beidh an Coláiste faoi réir ag prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta, an chuimsithe agus an idirchultúrthachais, prionsabail a seastar leo faoin bhforáil reachtúil chomh maith. Is é an cur chuige a ghlacfaidh an Coláiste ná spiorad na n-ionstraimí reachtúla ábhartha agus na forála reachtaíochta go léir a chur in iúl trí gach iarracht a dhéanamh a chinntiú, i gcomhthráth:

a) go gcuirfear ar chumas gach ceann dá pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear fostaithe an Choláiste, a bpiaraí, baill de phobal na mac léinn, páirtithe teagmhála, agus daoine den phobal i gcoitinne, a bheith muiníneach go gcomhlíontar oibleagáidí cuí an Choláiste ina leith trí léiriú barántúil ar a chuid polasaithe agus nósanna imeachta; agus,
b) go mbeidh cultúr rathúil agus ionchuimsitheach comhchaidrimh ar fáil do na páirtithe leasmhara seo , lena n-áirítear caidreamh idir baill de phobal an Choláiste atá dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge, mar rannpháirtithe atá ar comhchéim in imeachtaí an Choláiste.

## 2. Scóip

### 2.1 An Chéad Leibhéal Infheidhmeachta

Beidh feidhm ag an bPolasaí Gaeilge, go príomha, maidir le foireann uile CMgS de réir a bhfreagrachtaí féin maidir le seasamh le misean an Choláiste chomh maith le dualgais an fhorais faoin dlí agus faoi threoracha seirbhíse poiblí ábhartha eile.

### 2.2 Dara Leibhéal Infheidhmeachta

Beidh oibleagáid chomh maith ar sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí de chuid an Choláiste cabhrú leis an gColáiste a ghealltanais a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach sa Bheartas seo, de réir mar a mheasann an Coláiste a bheith ábhartha agus riachtanach mar pháirtí conarthach tríú páirtí agus ag teacht faoi raon fhreagrachtaí conarthacha tríú páirtithe den sórt sin.

## 3. Doiciméid Ghaolmhara

### 3.1 Reachtaíocht Ábhartha

- *Bunreacht na hÉireann* (Airteagal 8)
- An tAcht um Bainistíocht na Seirbhísí Poiblí, 1997
- Acht na nOllscoileanna, 1997
- An tAcht Oideachais, 1998
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021
- Acht na Gaeltachta, 2012
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018

### 3.2 Doiciméid ábhartha an Choláiste

- Ráiteas Misin CMgS

- Plean Straitéiseach CMgS
- Cairt Chustaiméirí CMgS
- Polasaí Comhionannais CMgS
- Treoirlínte maidir le hÁbhar Brandála Bolscaireachta CMgS
- Stíleanna Scríbhneoireachta Tí CMgS

## 4. Oibleagáidí Reachtúla

### 4.1 Sceideal na nOibleagáidí Reachtúla

Comhlíonfaidh an Coláiste gach dualgas reachtúil ábhartha maidir leis an nGaeilge agus déanfaidh sé é sin, go príomha, trí fhorálacha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (lena n-áirítear Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021) a chur i bhfeidhm). Comhlíonfaidh an Coláiste na hoibleagáidí sin trína chinntiú, *inter alia*,

i. go ndéanfar foilseacháin oifigiúla an Choláiste, lena n-áireofar na doiciméid seo a leanas (mar aon le haon doiciméid eile a leagfaidh an tAire amach) a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla:
   - Tuarascálacha Bliantúla
   - Cuntais Iniúchta/Ráitis Airgeadais
   - Ráitis straitéise institiúide

ii. go ndéanfaidh aon chomharthaíocht oifigiúil nó stáiseanóireacht a úsáideann an Coláiste agus a chuimsíonn téacs i nGaeilge an téacs sin a shuíomh sa chéad áit in ord na dteangacha a úsáidtear, formáid atá, ar a laghad, comhionann leis an téacs i dteangacha eile, an Béarla san áireamh, agus a chuirfidh an fhaisnéis chéanna in iúl is a chuireann teangacha eile;

iii. gur i nGaeilge a bheidh aon fhreagra ar theagmhálacha a thionscaíonn páirtithe seachtracha i nGaeilge lena n-áirítear cumarsáid trí litir, trí ríomhphost nó trí chuntais oifigiúla mheáin shóisialta an Choláiste;

iv. go ndéanfaidh córais rialachais faisnéise agus coinneála sonraí, leictreonach agus eile, taifead agus lua i gceart ar ainm, seoladh agus teideal daoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta i nGaeilge agus nach mór don Choláiste a choinneáil chun críocha riaracháin de réir a Fhógra Príobháideachta Sonraí;

v. go mbeidh ábhar agus leagan amach foirmeacha oifigiúla an Choláiste, lena n-áirítear foirmeacha leictreonacha, i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla, de réir na riachtanas a bheidh leagtha síos ag an Aire;

vi. go mbeidh aon téacs a ionchorpraítear i lógó oifigiúil an Choláiste (má athraítear, athnuaitear nó má chruthaítear ar aon bhealach eile), i nGaeilge agus i mBéarla, agus an téacs Gaeilge roimh an téacs Béarla, agus i bhfoirm nach mbeidh in aon slí gan a bheith chomh feiceálach, sofheicthe nó inléite leis an leagan Béarla;

vii. go n-áireofar ar fhógraíocht maidir le misean agus seirbhísí an Choláiste, ábhar i nGaeilge nach mbeidh ar a laghad níos lú ná 20% den chaiteachas iomlán fógraíochta in aghaidh na bliana;

viii. go n-áireofar sa chaiteachas ar fhógraíocht cionroinnt 5% den mhéid iomlán ar na ‘meáin Ghaeilge’ (m.sh. aon eintiteas seachtrach a tháirgeann meáin ina bhfuil ar a laghad 50% den ábhar a chruthaítear i nGaeilge;

ix. go mbeidh aon fhógraí taifeadta béil i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla, agus go mbeidh tosaíocht ag an nGaeilge in ord na bhfógraí agus leis an bhfaisnéis chéanna a chuirtear ar fáil i ngach teanga a úsáidtear.

### 4.2 Freagracht ar leith ar CMgS mar Institiúid Ardoideachais (HEI)

Mar IAO, aithníonn CMgS go bhfuil dualgas ar leith air tarraingt ó sholáthar reachtúil i dtreo chun an Ghaeilge a chur cinn ina comhthéacs oideachais agus beidh sé réamhghníomhach i bhfeabhsú curaclaim agus seirbhísí oibriúcháin ábhartha eile chun na críche seo.

## 5. Rialachas an Choláiste

### 5.1 An Ghaeilge laistigh de Chóras Rialachais an Choláiste

Breathnófar ar chaomhnú áit speisialta na Gaeilge sa Choláiste, chomh maith le maoirseacht agus freagracht as dualgais reachtúla an Choláiste a chur i bhfeidhm, mar nithe a bhaineann le rialachas an Choláiste, agus beidh freagracht ar choistí éagsúla an Choláiste as cur i ngníomh na bhfeidhmeanna riachtanacha.

### 5.2 Coistí an Choláiste

Coinneoidh Coistí an Choláiste (a chomhdhéantar, a athbhunaítear nó a chruthaítear, ó am go ham) le tiomantas an Choláiste don Ghaeilge de réir a Ráiteas Misin. Cinnteoidh Údarás Rialaithe an Choláiste go háirithe go gcloífidh an institiúid leis an ngealltanas seo chomh maith le gealltanais a éilítear i gcomhréir leis an bhforáil reachtúil ábhartha ar fad. Nuair is gá plé a dhéanamh ar chúrsaí acmhainní, gníomhóidh an Fhoireann Fheidhmiúcháin, go príomha, thar ceann an Údaráis Rialaithe agus i gcás ceisteanna acadúla a bhaineann leis an nGaeilge, is í an Chomhairle Acadúil an príomhchomhlacht breithniúcháin.

### 5.3 *Bord na Gaeilge*

Beidh coiste a mbeidh de chúram air tacú leis an gColáiste agus comhairle a thabhairt dó faoina ghnóthais i leith na Gaeilge, *Bord na Gaeilge,* ar na buanchoistí a cheapfaidh an Coláiste. Beidh *Bord na Gaeilge* faoi réir téarmaí tagartha socraithe agus ceadaithe (agus á n-athbhreithniú ó am go ham) go cuí ag a mháthairchoiste.

Beidh sé de chumas ag *Bord na Gaeilge* moltaí a eisiúint (trí aighneacht a chur faoi bhráid a mháthairchoiste) chun feabhas a chur ar cháilíocht ghníomhaíochtaí an Choláiste chun a thiomantas institiúideach don Ghaeilge a chur i bhfeidhm agus a ghníomhartha maidir leis an soláthar reachtúil ábhartha. Nuair atá an Bord i mbun a ghnó agus é comhlíonadh a ghníomhaíochtaí, freastalóidh *Bord na Gaeilge* chun cuspóirí an Choláiste a chur in iúl maidir le tiomantas an Choláiste don chomhionannas, don éagsúlacht, don chuimsiú agus don idirchultúrthachas, agus do bheartais agus do sholáthar reachtúil uile an Choláiste a cruthaíodh chuige seo.

### 5.4 Maoirseacht & Tuairisciú Feidhmíochta

Ceapfaidh Uachtarán an Choláiste, ball foirne ón mbainistíocht shinsearach, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar oibleagáidí tuairiscithe an Choláiste faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla. Cinnteoidh Uachtarán an Choláiste chomh maith go gcuirfear achoimre ar thorthaí feidhmíochta agus ar riachtanais tuairiscithe san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Choláiste.

# 6. Soláthar Faisnéise

## 6.1 Soláthar Faisnéise i gComhthéacs an Chomhlíonta Reachtúil

Mar a dúradh thuas (Alt 4.1), comhlíonfaidh an Coláiste a dhualgais reachtúla maidir le faisnéis a sholáthar i nGaeilge agus áireofar leis seo na ceanglais go léir a rialaíonn soláthar faisnéise an Choláiste mar atá leagtha síos in Achtanna na Gaeilge agus ag an Aire, ó am go ham. Measfar gur gníomh comhlíontachta de chuid an Choláiste é faisnéis a sholáthar i gcomhar le ***ceanglais*** na nAchtanna agus/nó ag an Aire.

## 6.2 Faisnéis a Sholáthar i gComhthéacs na Dílseachta do Mhisean an Choláiste

Déanfaidh an Coláiste a dhícheall go leanúnach le raon a thiomantais don Ghaeilge maidir le faisnéis a sholáthar – do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne - a fheabhsú ar bhealaí nach bhfuil rialaithe go sonrach ag an bhforáil reachtúil ach atá comhsheasmhach mar sin féin le tábhacht speisialta na Gaeilge don Choláiste mar a thuigtear ina chomhthéacs stairiúil agus mar a chuirtear in iúl ina Ráiteas Misin. Breathnófar air sin mar **ghníomhaíocht dhílseachta mhisin** an Choláiste.

# 7. Soláthar Seirbhíse

## 7.1 Soláthar Seirbhíse

Leanfaidh an Coláiste de bheith comhlíontach trína ghealltanais do sholáthar seirbhísí ábhartha de réir cheanglais Achtanna na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh, chomh maith le trína Chairt Chustaiméirí agus trí bheartais agus nósanna imeachta eile a mheastar a bheith oiriúnach don phróiseas chun riachtanais sholáthar seirbhíse a shásamh.

Beidh próisis earcaíochta agus roghnóireachta freagrúil do cheanglais arna leagan síos i soláthar reachtúil agus/nó ag an Aire maidir le soláthar seirbhísí poiblí.

Lasmuigh de na ceanglais reachtúla, féachfaidh an Coláiste le cur go leanúnach le leibhéil inniúlachta na foirne sa Ghaeilge, go háirithe i réimsí inar féidir feabhas a chur ar cháilíocht na cumarsáide le daoine ón bpobal i gcoitinne, chomh maith le tairbhithe eile de chuid seirbhísí an Choláiste, go inmheánach agus go seachtrach.

# Straitéis Gaeilge

Comhlíonfaidh an Coláiste a dhualgais i leith na Gaeilge trí Straitéis Gaeilge a shainaithneoidh an straitéis sin na bealaí ina seachadfar cuspóirí an Choláiste chomh maith leis na hacmhainní a leithdháilfear chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach sa pholasaí seo, agus le prionsabail an dea-rialachais i gcoitinne, bunófar an Straitéis Gaeilge trí chomhairliúchán cuimsitheach le daoine agus grúpaí laistigh de chomhlachas páirtithe leasmhara a léireoidh éagsúlacht phobal an Choláiste.

## 8. Stair Athbhreithnithe

| Athbhreithniú | Stair Doiciméid | Athbhreithnithe ag ET | Ceadaithe ag UR |
|---|---|---|---|
| 0 | Eisiúint Tosaigh | ET2024#07 | UR2024#06 |
| | | | |
| | | | |